

## Scéim A6 - 2018

### Ginearálta

Comhlíonann tionscadail a mhaoinítear faoi fho-mhírcheann A6 riachtanas cultúrtha ar leith agus tacaíonn siad le sprioc ardleibhéil na Roinne maidir le rochtain a fheabhsú ar na hearnálacha ealaíon, cultúir agus scannán agus le haitheantas a thabhairt do ról sóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha sin in Éirinn.

Cuireann na tionscadail go mór le forbairt agus le cur chun cinn thurasóireacht chultúrtha na hÉireann, chun leasa an turasóra baile agus eachtrannaigh araon agus is gné thábhachtach iad de chur i gcrích na gceangaltas turasóireachta cultúrtha i gClár an Rialtais.

### **Catagóir A1 Institiúidí a fhaigheann leithdháiltí bliantúla**

#### **Na hInstitiúidí**

Tá an Roinn tiomanta do mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil d'Institiúidí cultúrtha ar leith ina bhfuil bailiúcháin d'oidhreacht inaistrithe chultúrtha a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi, nó bailiúcháin atá uathúil sa tír agus a bhaineann le cúrsaí a bhfuil leas náisiúnta ag baint leo, nó a bhaineann le cultúr idirnáisiúnta; tá na hInstitiúidí seo oscailte don phobal agus tá a mbailiúcháin inrochtana don phobal.

Beidh maoiniú bliantúil do gach Institiúid laistigh den scéim seo faoi réir formheas ón Aire.

#### **Modh íocaíochta**

Íocfar deontais le hInstitiúidí i gCatagóir A1 i dtráthchodanna mar a aontaítear agus a shonraítear sa Litir Tairisceana, agus bunaithe ar chostais oibriúcháin a thabhaítear agus a chaitear sula ndeonófar an tráthchuid deontais. Tá na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann leis an deontas faoi rialú ag Comhaontú Leibhéal Seirbhíse sínithe idir an Roinn agus na heagraíochtaí aonair.

I gcásanna ina gciallódh cur chuige “dliteanas aibithe” maidir le maoiniú go mbeadh ar na hInstitiúidí seo iasachtaí a lorg ar riachtanais chaiteachais reatha, rud a éilíonn maoiniú breise, iarrfar ceadú don bhliain 2017 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun lamháil do shocrú réamh-mhaoinithe tarlú.

Tá soláthar maoinithe ag brath freisin ar na nithe seo a leanas:

- Fianaise shásúil de chomhlíonadh na dtáscairí feidhmíochta atá leagtha síos ag an Roinn don Institiúid mar atá luaite sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse;
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta na bliana roimhe sin a chur ar fáil;
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a chur isteach; agus
- Aon téarmaí agus coinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

Chomh maith leis sin, tabharfaidh an Roinn cuairteanna rialta idirchaidrimh ar na hinstitiúidí de réir mar is gá.

I gcás go ndéanfar íocaíochtaí roimh ré le hinstitiúidí dá leithéid bunaithe ar iarratas ar leith ón Stiúrthóir, féadfaidh na réamhíocaíochtaí sin tionscadail speisialta aonuaire a cheadaítear as coigiltí nó as airgead ath-leithdháilte nó a leithreasaithe ar shlí eile, a áireamh, fad is go dtugann an Stiúrthóir gealltanas go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail dá leithéid laistigh d'achar ama comhaontaithe.

### **Ceanglais chun institiúidí breise a chuimsiú i gcatagóir A1**

Éilítear ar na hinstitiúidí sin:

- Bailiúchán ar leith a bhfuil tábhacht náisiúnta leis a bheith ina seilbh, nó bailiúchán ar leith idirnáisiúnta a bhfuil tábhacht ar leith náisiúnta leis, nó bailiúcháin atá uathúil sa tír agus a bhaineann le cúrsaí a bhfuil leas náisiúnta nó cultúr idirnáisiúnta ag baint leo **nó** Riachtanas ar leith cultúrtha a chomhlíonadh nach bhfuil á chomhlíonadh cheana;
- Cead isteach a thabhairt don phobal agus ní mór go mbeadh na bailiúcháin inrochtana don phobal;
- Comhaontú foirmiúil ón Aire go gcomhlíonann na heagraíochtaí riachtanas cultúrtha ar leith agus tacaíonn sí le sprioc na Roinne i ndáil le rochtain a fheabhsú ar na hearnálacha ealaíon, cultúr agus scannán agus ról sóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha sin in Éirinn a aithint.

Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh an Roinn sásta maidir le bainistiú na heagraíochta agus go bhfuil an maoiniú ar fáil.

#### **Nóta:**

Mar gheall ar na srianta ar mhaoiniú reatha A6, ní bheartaítear institiúidí breise a chur leis an gcatagóir seo de thuras na huaire.

### **Catagóir A2 Eagraíochtaí a fhaigheann leithdháiltí bliantúla**

Tá an Roinn tiomanta do mhaoiniú bliantúil a sholáthar d'eagraíochtaí cultúrtha áirithe a bhfuil ról lárnach acu i gcaomhnú agus/nó forbairt thairiscint chultúrtha na hÉireann.

Íocfar deontais le heagraíochtaí i gCatagóir A1 i dtráthchodanna nó mar a aontaítear agus a shonraítear sa Litir Tairisceana, agus bunaithe ar chostais oibriúcháin a thabhaítear agus a chaitear sula ndéanófar an tráthchuid deontais. Tá na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann leis an deontas faoi rialú ag Comhaontú Leibhéal Seirbhíse sínithe idir an Roinn agus na heagraíochtaí aonair.

I gcásanna ina gciallódh cur chuige “dliteanas aibithe” maidir le maoiniú nach bhféadfadh na heagraíochtaí seo a bheith ábalta oibriú, iarrfar ceadú don bhliain 2017 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun lamháil do shocrú réamh-mhainithe tarlú.

Tá soláthar mainithe ag brath freisin ar na nithe seo a leanas:

- Fianaise shásúil de chomhlíonadh na dtáscairí feidhmíochta atá leagtha síos ag an Roinn don eagraíocht mar atá luaite sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse;
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta na bliana roimhe sin a chur ar fáil;
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a chur isteach; agus
- Aon téarmaí agus coinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

I gcás go ndéantar íocaíochtaí roimh ré leis na heagraíochtaí sin bunaithe ar iarraidh ar leith ón CEO, féadfaidh na réamhíocaíochtaí sin tionscadail speisialta aonuaire a cheadaítear as coigiltí nó as airgead ath-leithdháilte nó leithreasaithe ar shlí eile, a áireamh, fad is go dtugann an CEO gealltanas go dtosófar agus go gcríochnófar na tionscadail sin laistigh d'achar ama comhaontaithe.

### **Ceanglais chun institiúidí breise a chuimsiú i gcatagóir A2**

Éilítear ar na hInstitiúidí sin:

- Freastal ar riachtanas sainiúil cultúrtha nár sásaíodh atá lárnach do chaomhnú agus/nó d'fhorbairt thairiscint chultúrtha na hÉireann;
- Páirt a thabhairt don phobal agus ba cheart go mbeadh a n-imeachtaí inrochtana don phobal;
- Comhaontú foirmiúil ón Aire go gcomhlíonann na heagraíochtaí riachtanas cultúrtha ar leith agus tacaíonn sí le sprioc na Roinne i ndáil le rochtain a fheabhsú ar na hearnálacha ealaíon, cultúir agus scannán agus ról sóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha sin in Éirinn a aithint.

Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh an Roinn sásta maidir le bainistiú na heagraíochta agus go bhfuil an maoiniú ar fáil.

### **Catagóir A3 Institiúidí le ceangaltas mainithe do thréimhse ar leith nó do thionscadail ar leith**

#### **Ceanglais chun cuimsiú i gcatagóir A2**

Institiúidí ina bhfuil bailiúcháin uathúla a bhfuil an Roinn tiomanta dá maoiniú ar bhonn gearrthearma nó meántearma chun a chinntiú go leanfaidh siad ag feidhmiú; institiúidí a chuireann chun cinn tuiscint ar shaol agus ar shaothar mháistrí liteartha agus ealaíonta na hÉireann; tagann na hInstitiúidí ar fad a fhaigheann deontais chun críocha sonracha.

## **Modh íocaíochta**

Tá íocaíocht faoi réir:-

- Comhlíonadh na dtáscairí feidhmíochta atá leagtha síos ag an Roinn don institiúid;
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta na bliana roimhe sin a chur ar fáil;
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a chur ar fáil agus
- Iarratas foirmiúil i ndáil le tarraingt anuas an mhaoinithe

Chomh maith leis sin:

- Athbhreithneofar maoiniú leanúnach do na hinstitiúidí/cumainn seo gach dara bliain ar a laghad, agus
- Tabharfaidh an Roinn cuairteanna rialta idirchaidrimh ar na hinstitiúidí de réir mar is gá.

I gcás inar aithníodh ceanglas chun íoc roimh ré, féadfaidh sé seo a lamháil mar cheadú do 2016 a dheonaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an socrú réamh-mhaoinithe sin a lamháil.

## **Cuimísú tionscadail nó institiúidí breise**

Ní mór go mbeadh cuimisiú tionscadail nó institiúidí dá leithéid deimhnithe ag an Aire ní mór riachtanas cultúrtha ar leith a chomhlíonadh agus chun tacú le sprioc ardleibhéil na Roinne maidir le rochtain a fheabhsú ar na hearnálacha ealaíon, cultúir agus scannán agus le haitheantas a thabhairt do ról sóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha sin in Éirinn nó chun cinneadh Rialtais a chur i bhfeidhm agus bhraithfeadh sé ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

## **Catagóir A3 Feabhsú na músaem áitiúil**

**Tá siad seo a leanas san áireamh sa chatagóir seo:**

- i. Táillí aimsitheoirí i ndáil le déantáin a bhfuil leas áitiúil ag baint leo agus atá molta le cur ar taispeáint i músaem ainmnithe contae;
- ii. Scéim Taispeántais na Músaem Réigiúnach – tá sé mar aidhm ag an scéim seo taispeántais a chothú agus tabhairt isteach daingneáin bhuana taispeántais nua, amhail painéaladh nua, aistriúchán ar phainéaladh reatha, comharthaí agus feistis léirmhínithe. Is léir go bhfuil an scéim seo ar leithligh ó thionscadail arna maoiniú faoin Scéim Chaipitil Ealaíon agus Cultúir 2016 – 2018 Sruth 3.

Ní mór go ndéanfaidh na tionscadail a mhaoinítear faoin Scéim iarracht cur le forbairt agus le cur chun cinn thurasóireacht chultúrtha na hÉireann chun leasa an turasóra baile agus eachtrannaigh araon agus gur gné thábhachtach a bheadh iontu de chur i gcrích na gceangaltas turasóireachta cultúrtha i gClár an Rialtais.

***Soláthraítear an maoiniú don scéim seo faoi chaipiteal A7, ach tá an scéim á riaradh ag an Aonad Scéimeanna Cultúrtha.***

- iii. Tacaí eile a cheadaíonn oifigeach de chuid na Roinne ag leibhéal Rúnaí Cúnta ar a laghad ar mhaithe leis na músaem réigiúnacha go ginearálta i.e. foilseacháin, oiliúint, scéimeanna dámhachtainí, forbairt suíomhanna gréasáin etc.

**Modh íocaíochta**

- Íocaíocht ar mholadh a fháil ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann i leith i) thuas
- Íocaíocht i riaráistí ar shonrasc íochta a fháil (cuimseoidh cruthúnas sásúil d'íocaíocht uimhir sheic, dáta na híocaíochta agus/nó ráitis ábhartha bhainc) nó de réir théarmaí an chonartha nó na litreach tairisceana i leith ii) thuas.
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a chur ar fáil más infheidhme; agus
- Aon coinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

**Catagóir A5 Soghluaisteacht na mbailiúchán**

Tá siad seo a leanas san áireamh sa chatagóir seo:

- i. Maoiniú na gcostas a bhaineann le hiompar píosaí ó na Bailiúcháin Náisiúnta chuig institiúidí cuí ar fud na tíre agus/nó;
- ii. Maoiniú an chostais a bhaineann le hárachas a chur ar na píosaí ó na Bailiúcháin Náisiúnta fad is atá siad á n-iompar chuig institiúidí cuí ar fud na tíre agus/nó;
- iii. Maoiniú na gcostas a bhaineann le píosaí ó na Bailiúcháin Náisiúnta a chur ar taispeáint in institiúidí cuí ar fud na tíre.

I gcásanna áirithe féadtar tacú le hiasachtaí píosaí nó bailiúcháin ó bhailiúcháin thábhachtacha eile laistigh den scéim le cead ó oifigeach de chuid na Roinne atá ag leibhéal Rúnaí Cúnta ar a laghad.

**Modh íocaíochta**

Íocaíocht i riaráistí ar shonraisc íochta a fháil (cuimseoidh cruthúnas sásúil d'íocaíocht uimhir sheic, dáta na híocaíochta agus/nó ráitis ábhartha bhainc) ó oifigeach ainmnithe san institiúid nó san Fhoras Cultúrtha Náisiúnta atá ag iasachtú.

## **Catagóir B1 Tionscadail chultúrtha a fheabhsóidh oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus ar rochtain ar an oidhreacht sin**

### **Na tionscadail:**

Cuimsíonn tionscadail a mhaoinítear faoin gcatagóir seo: digitiú, macasamhlú, aistriú agus/nó foilsiú cáipéisí stairiúla agus/nó taifid agus taighde.

### **Modh íocaíochta**

- Íocaíocht ina tráthchodanna nó ar shonraisc aibithe a fháil mar atá leagtha amach sa chonradh;
- Táirgí insoláthartha agus amlíne le bheith leagtha amach sa chonradh;
- Beidh an íocaíocht dheireanach ag brath ar chur i gcrích an tionscadail;
- Sa chás nach leagtar an sceideal íocaíochta amach sa chonradh, déanfar íocaíocht i riaráistí nuair a bheidh na sonraisc íoctha faighte;
- Teastaíonn Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta; agus
- Aon coinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

I gcásanna eisceachtúla, seachas de réir an chonartha, féadtar íocaíocht a dhéanamh roimh ré de réir ceadú ón Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I gcás go ndéantar íocaíochtaí roimh ré bunaithe ar iarratas ar leith ó stiúrthóir an tionscadail, d'fhéadfadh réamhíocaíochtaí dá leithéid tionscadail speisialta aonuaire a cheadaítear as coigiltí a áireamh, fad is go dtugann an Stiúrthóir gealltanais go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail dá leithéid laistigh d'achar ama comhaontaithe.

### **Cuimsiú tionscadail bhreise i gcatagóir B1**

Glacfar le tionscadail tar éis scrúdú ar thograí a chuirtear isteach go díreach chun na Roinne lena mbreithniú. Tá áireamh aon cheann den sórt sin faoi réir comhaontú ón Aire.

## **Catagóir B2 Éire Ildánach**

Déanfaidh oifig Chlár Éire Ildánach an tionscadal seo a bhainistiú, a chuirfidh critéir ábhartha i bhfeidhm maidir le tionscadail agus eagraíochtaí arna maoiniú. Tabharfar cuntas i leith Phlean Leanaí Ildánacha freisin faoin gcatagóir seo.

## **Catagóir B3 Tacú le Comhoibriú le Tuaisceart Éireann**

### **Na Tionscadail:**

Féachfaidh tionscadail a mhaoinítear faoin gCatagóir seo le hoidhreacht ealaíonta, cheoil, scannán agus chultúrtha oileán na hÉireann ar bhonn Thuaidh/Theas a fheabhsú, a cheiliúradh, a chomóradh nó a chur chun cinn.

Soláthraíonn an catagóir seo freisin don Scéim um Chomhar le Tuaisceart Éireann. Tá dámhachtainí faoin Scéim teoranta d'uasmhéid €15,000 d'fhonn a áirithiú go bhfuil na tionscadail glanscartha agus indéanta laistigh den tréimhse ama atá i bhfeidhm. Cuirfear foirm iarratais mhionsonraithe ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí.

Tá trí shraith sa Scéim Thuaidh/Theas:

**Sraith 1:** Lorgófar iarratais ó na Forais Chultúrtha Náisiúnta, ón gComhairle Ealaíon, ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, ó Bhord Scannán na hÉireann agus ó Chumann Músaem na hÉireann.

**Sraith 2:** Lorgófar iarratais ó Mhúsaeim Ainmnithe, ó Mhúsaeim a chomhlíonann caighdeáin chreidiúnaithe na Comhairle Oidhreachta do rannpháirtíocht sa Scéim agus ó mhúsaeim ata cláraithe faoi Chomhairle Músaem Thuaisceart Éireann.

**Sraith 3:** Féadfar maoiniú a thabhairt faoin tsraith seo do thionscadail a dhéanann iarracht oidhrecht ealaíonta, cheoil, scannán agus chultúrtha oileán na hÉireann ar bhonn Thuaidh/Theas a fheabhsú, a cheiliúradh, a chomórath nó a chur chun cinn agus a chuireann comhlachtaí eile isteach go díreach chuig an Roinn.

- Ní mór go mbeadh gné sholéirithe Thuaidh/Theas ag baint le gach tionscadal;
- Déanfar measúnú ar gach iarratas de réir a bhfiúntas aonair;
- Éileoidh tionscadail faoi Shraith 3 formheas ón Aire; agus
- Aon choinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

### **Modh íocaíochta**

- Íocaíocht i riaráistí ar shonrasc íochta a fháil (cuimseoidh cruthúnas sásúil d'íocaíocht uimhir sheic, dáta na híocaíochta agus/nó ráitis ábhartha bhainc) nó de réir théarmaí an chonartha nó na litreach tairisceana.
- Teastaíonn Teastas Imreítigh Cánach atá chun dáta.

I gcúinsí eisceachtúla i gcás go ndéanfar íocaíocht roimh ré, ní mór ceadú ón Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg sula n-eiseofar an íocaíocht.

### **Catagóir C Comhlachtaí atá maoinithe go hiomlán ag an Roinn**

#### **Na comhlachtaí**

Faigheann na comhlachtaí atá cuimsithe sa Chatagóir seo a maoiniú iomlán ón Roinn; tacaíonn siad le feidhm de chuid na Roinne agus/nó tá feidhm chomhairleach i ndáil leis an Roinn acu.

## **Modh íocaíochta**

Is féidir deontas a leithdháileadh go ráithiúil faoi réir na nithe seo a leanas:

- Comhlíonadh na dtáscairí feidhmíochta atá comhaontaithe leis an Roinn don chomhlacht ar leith;
- Sonraisc íochta agus cáipéisí tacaíochta a fháil;
- Ar scór sonraisc a fháil i gcás gach mír caitheachais a fhorhmeasann oifigeach ainmnithe den chomhlacht ábhartha.
- Aon choinníollacha eile mar atá léirithe sa Litir Tairisceana.

I gcúinsí eisceachtúla i gcás go ndéanfar íocaíocht roimh ré, ní mór ceadú ón Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg sula n-eiseofar an íocaíocht.

## **Catagóir D Gealltanais & Tionscadail Idirnáisiúnta**

Cuimsíonn tograí maoinithe a bhreithnítear faoin gcatagóir seo an méid seo a leanas:

- Maoiniú ar cheangaltais AE
- Ceangaltais NA
- Ceangaltais Chomhairle na hEorpa
- Tionscadail a eascraíonn trí ainmniúcháin idirnáisiúnta (eg Cathair Scannán UNESCO, Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa, Cathair Litríochta UNESCO)
- Ceangaltais Eile Idirnáisiúnta

Déanfar íocaíochtaí ach sonraisc a bheith faighte. Tá gealltanais bhreise faoi réir comhaontú ón Aire.

## **Catagóir E Taighde Cultúrtha**

Tá an Roinn tiomanta do thacú le taighde cultúrtha trí mhaoiniú cuí a chur ar fáil do thaighde scolaíoch a mbíonn tuiscint níos fearr ar phearsaí liteartha na hÉireann, ar litríocht na hÉireann agus ar imeachtaí stairiúla a bhfuil tábhacht chulúrtha leo, mar thoradh air.

## **Modh íocaíochta**

- Íocaíocht ar shonraisc a fháil i dteannta tuarascálacha ábhartha arna imlíniú sa litir tairisceana;
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a thabhairt ar aird más cuí.
- Aon choinníollacha eile arna imlíniú sa Litir Tairisceana.



Déanfar íocaíochtaí ach sonraisc a bheith faighte. Tá gealltanais bhreise faoi réir comhaontú ón Aire.

### **Catagóir F Féilte Áitiúla agus Scoileanna Samhraidh**

Cuimsíonn tionscadail a mhaoinítear faoin gcatagóir seo féilte, scoileanna samhraidh agus imeachtaí eile áitiúla ar scála beag dá sórt sin a thacaíonn leis na haidhmeanna agus na cuspóirí maoinithe faoin bhfo-mhírcheann seo.

#### **Modh íocaíochta**

- Déanfar íocaíocht nuair a gheofar sonraisc íochta i dteannta tuarascálacha ábhartha agus fianaise ar íocaíocht.
- Féadfaidh oibreacha ar bith agus cur i gcrích na tairisceana a bheith faoi réir chigireacht chuí na Roinne agus, ag brath ar leibhéal an mhaoinithe, d'fhéadfadh cigireacht dá leithéid a bheith ina réamhchoinníoll íocaíochta.
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a thabhairt ar aird más cuí; agus
- Aon choinníollacha eile arna n-implíniú sa Litir Tairisceana.

Déanfar íocaíochtaí ach sonraisc a bheith faighte. Tá gealltanais bhreise faoi réir comhaontú ón Aire.

### **Catagóir G Oideachas, Dualfhoinsé, Comhoibriú agus tionscadail ilghnéitheacha eile**

Cuimsíonn tionscadail a mhaoinítear faoin gcatagóir seo tionscadail a bhaineann le comhoibriú nó comhar le comhlachtaí, institiúidí agus eagraíochtaí cuí; tionscadail oideachais agus míreanna ilghnéitheacha eile; tionscadail, foilseacháin, promóisin a thacaíonn leis na haidhmeanna agus na cuspóirí maoinithe faoin bhfo-mhírcheann seo.

#### **Modh íocaíochta**

- Íocaíocht ar shonraisc íochta a fháil agus fianaise chun tacú le híocaíocht, nó éilimh chuí taistil & chothaithe i dteannta tuarascálacha ábhartha.
- Féadfaidh oibreacha ar bith agus cur i gcrích na tairisceana a bheith faoi réir chigireacht chuí na Roinne agus, ag brath ar leibhéal an mhaoinithe, d'fhéadfadh cigireacht dá leithéid a bheith ina réamhchoinníoll íocaíochta.
- Teastas Imréitigh Cánach atá chun dáta a chur ar fáil má bhaineann.
- Aon téarmaí agus coinníollacha eile arna n-implíniú sa Litir Tairisceana.

Déanfar íocaíochtaí ach sonraisc a bheith faighte. Tá gealltanais bhreise faoi réir comhaontú ón Aire.

### **Coigiltí na Roinne i bhFo-Mhírcheann A6**

Féadfaidh an tAire tionscadail speisialta aon uaire a cheadú chun caiteachais faoi fho-mhícheann A6, i gcás go dtarlóidh coigiltis in áiteanna eile i rith na bliana, ar choinníoll:

- go dtiocfaidh na tionscadail faoi chúram Scéim A6; agus
- gur féidir na tionscadail a thosú agus a chríochnú laistigh den achar ama a theastaíonn.

**CRÍOCH**